C/2024/7448

18.12.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/7448)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Valencia'

PDO-ES-A0872-AM05

Dáta na teachtaireachta: 20 Meán Fómhair 2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. DÉANTAR FÍONTA ROSÉ AGUS DEARGA A BHAINT DE CHATAGÓIR NA bhFÍONTA SÚILÍNEACHA ARAMATACHA AR ARDCHAIGHDEÁN

Tuairisc:

Baintear fíonta rosé agus dearga d'fhíonta chatagóir 6, i.e. fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán.

Baineann an leasú seo le pointe 2 den tsonraíocht táirge agus le pointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na cineálacha athruithe a leagtar amach in Airteagal 24.3 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha.

Cúis

Is cineálacha fíona iad sin nach dtáirgtear iarbhír, cé go gcumhdaítear iad leis an tsonraíocht táirge.

2. TÁ DHÁ THÉARMA NUA LIPÉADAITHE TUGTHA ISTEACH

Tuairisc

Tá na téarmaí lipéadaithe 'Vino de Pueblo' (fíon sráidbhaile) nó 'Vi de Poble' (fíon sráidbhaile) agus 'Vino de parcela' (fíon dáileachta) nó 'Vi de parcel.la' (fíon dáileachta) le haghaidh aonaid gheografacha áirithe de chineál níos lú, agus leagtar síos a saintréithe agus coinníollacha a n-úsáide. Bíonn táirgeacht níos ísle ag fíonta a lipéadaítear amhlaidh i dtaca le cóimheas fíonchaor - fíona in aghaidh an heicteáir; bíonn táirgeacht eastóscáin níos ísle acu; agus ní údaraítear an neart alcóil a mhéadú go saorga, ach amháin chun fíon licéir a dhéanamh.

Leasaítear Ranna 3, 5 agus 8.b.v den tsonraíocht táirge agus ranna 5 agus 9 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na cineálacha athruithe a leagtar amach in Airteagal 24.3 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha.

Cúis

Is é an aidhm atá ann tuilleadh faisnéise a sholáthar do thomhaltóirí trí thionscnamh níos beaichte a chur in iúl i leith na bhfíonchaor a úsáidtear chun fíonta áirithe a dhéanamh agus, ag an am céanna, ceanglais i ndáil le cáilíocht níos airde a chur i bhfeidhm maidir leis na fíonta.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

3. DÉANTAR CRÍOCHÚ FHOLIMISTÉIR ALTO TURIA AGUS VALENTINO A CHEARTÚ

Tuairisc

Baintear trí bhardas (Alcublas, Andilla, agus Higueruelas) d'fholimistéar Valentino agus cuirtear le folimistéar Alto Turia iad.

Baineann an leasú seo le pointe 4 den tsonraíocht táirge agus le pointe 6 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na cineálacha athruithe a leagtar amach in Airteagal 24.3 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha.

Cúis

Déantar an earráid sin maidir le suíomh na dtrí bhardas sin a cheartú i dtéacs na sonraíochta táirge agus sa doiciméad aonair.

4. DÉANTAR TÁIRGEADH CINEÁLACHA ÁIRITHE FÍONTA LICÉIR A MHÍNIÚ AR BHEALACH NÍOS MIONSONRAITHE

Tuairisc

Déantar modh táirgthe fíonta licéir atá i dteideal úsáid a bhaint as na téarmaí lipéadaithe 'Moscatel de Valencia' nó 'Vino de Licor Moscatel de Valencia' agus 'Vino Dulce' a mhíniú ar bhealach níos mionsonraithe, lena n-áirítear an fhaisnéis á rá go ndéantar iad 'le húrfhíon fíonchaor nó le meascán d'úrfhíon fíonchaor agus d'fhíon'.

Baineann an leasú seo le pointe 8.b.v den tsonraíocht táirge agus le pointe 9 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na cineálacha athruithe a leagtar amach in Airteagal 24.3 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha.

Cúis

Go dtí seo, níor cuireadh in iúl ach gur cheart na fíonta seo a dhéanamh mar a fhoráiltear sa 4ú fleasc de phointe 3 (c) de Chuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 (CEM aonair). Trí ábhar na rialacha sin a dhéanamh níos follasaí, éiríonn an fhoclaíocht agus, ar an gcaoi sin, an oibleagáid atá ar tháirgeoirí níos soiléire freisin.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Valencia

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí an táirge fíniúna**

1. Fíon

3. Fíon licéir

6. Fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán

8. Fíon leathshúilíneach

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíon geal*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Toin bhuí go príomha, ó dhath buí éadrom go dath buí órga. D'fhéadfaí é a aosú i ngabhdáin adhmaid. Boladh glan ina bhfuil déine mhaith agus blasanna torthaíocha. Sa bhéal, aigéadacht mhaith, blas úr agus torthaíoch le hiarbhlas fada.

Dé-ocsaíd sulfair uasta: 200 mg/l má tá an méid siúcra níos lú ná 5 g/l agus 300 mg/l má tá an méid siúcra 5 g/l nó níos mó.

Aigéadacht luaineach uasta má tá an neart alcóil iarbhír níos mó ná 12,5 % de réir toirte: 18 mEq/l.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 9

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. *Fíon rosé agus fíon dearg*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Tá toin bhándearga ar na fíonta rosé, agus tá beagán de dhath sú craobh, sú talún, cuiríní dearga nó dath an bhradáin orthu. Boladh glan, dian ina bhfuil dea-bholaithe torthaíocha den chuid is mó. Sa bhéal, aigéadacht mhaith, láidir agus cothrom. Iarbhlas fada. Is iondúil go mbíonn dath dorcha ar na fíonta dearga, dathanna dearga den chuid is mó agus imreacha de chorcairghorm, corcra, gairnéad, caordhearg nó rúibín. Boladh ina bhfuil déine mhaith agus ardtorthúlacht.

Dé-ocsaíd sulfair uasta: Le haghaidh fíonta rosé, 200 mg/l má tá an méid siúcra níos lú ná 5 g/l agus 250 mg/l má tá an méid siúcra 5 g/l nó níos mó; le haghaidh fíonta dearg, 150 mg/l má tá an méid siúcra níos lú ná 5 g/l agus 200 mg/l má tá an méid siúcra 5 g/l nó níos mó.

Aigéadacht luaineach uasta má tá an neart alcóil iarbhír níos mó ná 12,5 % de réir toirte: 18 mEq/l i gcás fíonta rosé agus 20 mEq/l i gcás fíonta dearga.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 9,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

3. *Fíonta ar a bhfuil na téarmaí 'Crianza', 'Reserva' agus 'Gran Reserva'*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dathanna níos dorcha ná an bunfhíon. Dath buí níos déine i gcás na bhfíonta geala. Is féidir leis a bheith gar do thoin dhonnrua i gcás fíonta dearga. Cothromaíocht idir dea-bholaithe torthúlachta agus dea-bholaithe adhmadacha. Iarbhlas spreagthach sa bhéal.

Dé-ocsaíd sulfair uasta: le haghaidh fíonta geala agus rosé, 200 mg/l má tá an méid siúcra níos lú ná 5 g/l agus 300 mg/l le haghaidh fíonta geala agus 250 mg/l le haghaidh rosé má tá an méid siúcra 5 g/l nó níos mó; le haghaidh fíonta dearga, 150 mg/l má tá an méid siúcra níos lú ná 5 g/l agus 200 mg/l má tá an méid siúcra 5 g/l nó níos mó.

Aigéadacht luaineach uasta má tá an neart alcóil iarbhír níos mó ná 12,5 % de réir toirte: 18 mEq/l.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 12

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4. *Fíon licéir geal, rosé agus dearg*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

I gcás fíon licéir geal, toin bhuí, ó dhath buí éadrom go dath buí órga den chuid is mó. Tá dathanna bándearga ar fhíon licéir rosé, agus tá beagán de dhath sú craobh, sú talún, cuiríní dearga nó dath an bhradáin iontu. Tá dathanna dearga ar fhíon licéir dearg agus tá imreacha de chorcairghorm, corcra, gairnéad nó rúibín ann. Déine mhaith sa bholadh, go háirithe nuair a dhéantar ó fhíonchaora Moscatel é. Milis agus blasta sa bhéal, cothromaithe agus iarbhlas cumhachtach air.

Dé-ocsaíd sulfair uasta: 150 mg/l má tá an méid siúcra níos lú ná 5 g/l agus 200 mg/l má tá an méid siúcra 5 g/l nó níos mó.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 15

— Aigéadacht iomlán íosta: 1,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 20

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. *Fíon geal ar ardchaighdeán de chineál súilíneach aramatach*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

I gcás inar fíon geal an bunfhíon, toin bhuí go príomha, ó dhath buí éadrom go dath buí órga. Boladh glan, dian le dea-bholaithe a bhaineann go sonrach leis an gcineál. Aigéadacht agus déine mhaith sa bhéal. Fíonta úra ag a bhfuil boilgeoga dea-chomhtháite.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 6

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 185

6. *Fíonta leathshúilíneacha geala, rosé agus dearga*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

I gcás inar fíon geal an bunfhíon, toin bhuí go príomha, ó dhath buí éadrom go dath buí órga. Más fíon rosé é an bunfhíon, bíonn toin bhándearga ann lena ngabhann imreacha sútha craobh, sútha talún, cuiríní dearga nó bradáin. Má tá an bunfhíon dearg, bíonn toin ann lena ngabhann imreacha corcairghorma, corcra, gairnéad, silíní nó rúibíní. Boladh glan, dian le dea-bholaithe a bhaineann go sonrach leis an gcineál. Úr, torthaíoch agus dian sa bhéal, agus boilgeoga dea-chomhtháite ann.

Dé-ocsaíd sulfair uasta: le haghaidh fíonta geala agus rosé, 200 mg/l má tá an méid siúcra níos lú ná 5 g/l agus 250 mg/l le haghaidh an dá chineál má tá an méid siúcra 5 g/l nó níos mó; le haghaidh fíonta dearga, 150 mg/l má tá an méid siúcra níos lú ná 5 g/l agus 200 mg/l má tá an méid siúcra [5 g/l] nó níos mó.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 7

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

7. *Fíon geal, rosé agus dearg ar a bhfuil an téarma 'Petit Valencia' ar an lipéad*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Beidh na saintréithe cosúil leo sin ar a dtugtar tuairisc le haghaidh na bhfíonta geala, rosé agus dearga.

Dé-ocsaíd sulfair uasta: le haghaidh fíonta geala agus rosé, 200 mg/l má tá an méid siúcra níos lú ná 5 g/l agus 300 mg/l le haghaidh fíonta geala agus 250 mg/l le haghaidh rosé má tá an méid siúcra 5 g/l nó níos mó; le haghaidh fíonta dearga, 150 mg/l má tá an méid siúcra níos lú ná 5 g/l agus 200 mg/l má tá an méid siúcra 5 g/l nó níos mó.

Neart alcóil iarbhír uasta: 9 % de réir toirte

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 4,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1.

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Is gá brú iomchuí a chur i bhfeidhm chun an fíon a eastóscadh agus a dheighilt ón marc, ionas nach sáraíonn an táirgeacht 82 lítear úrfhíona ná 76 lítear fíona in aghaidh an 100 cileagram d'fhíonchaora. Ní fhéadfar, in imthosca ar bith, baisceanna fíona a fhaightear trí úsáid a bhaint as brú míchuí a úsáid chun fíonta cosanta a dhéanamh.

Is é 65 lítear in aghaidh an 100 kg fíonchaor an uastáirgeacht eastóscáin le haghaidh fíonta atá lipéadaithe leis an téarma 'Vino de parcela' nó 'Vi de parcel.la'.

Na gabhdáin adhmaid a úsáidtear sna próisis aosaithe, ní mór iad a bheith déanta as dair agus ní mór toilleadh a bheith iontu a chomhlíonann na teorainneacha toirte a leagtar síos leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm maidir le húsáid téarmaí traidisiúnta áirithe.

Úsáidtear na cineálacha seo a leanas le fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán a tháirgeadh: Albariño, Gewürztraminer, Macabeo, Alarije (Malvasía Riojana, Subirat Parent), Moscatel de Alejandría, Moscatel de Grano Menudo agus Verdejo.

I gcás fíonta atá lipéadaithe leis na téarmaí 'Vino de parcela' nó 'Vi de parcel.la', ní údaraítear an neart alcóil a mhéadú go saorga, ach amháin chun fíon licéir a dhéanamh.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Cineálacha dearga

9 100 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

2.

69,16 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. Cineálacha dearga atá beartaithe le haghaidh fíonta atá lipéadaithe leis an téarma ‘Vino de pueblo’ nó ‘Vi de poble’

8 190 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

4.

62,24 heictilítear in aghaidh an heicteáir

5. Cineálacha dearga atá beartaithe le haghaidh fíonta atá lipéadaithe leis an téarma ‘Vino de parcela’ nó ‘Vi de parcel.la’

5 460 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6.

35,49 heictilítear in aghaidh an heicteáir

7. Cineálacha geala

12 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

8.

91,20 heictilítear in aghaidh an heicteáir

9. Cineálacha geala atá beartaithe le haghaidh fíonta atá lipéadaithe leis an téarma ‘Vino de pueblo’ nó ‘Vi de poble’

10 800 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

10.

82,08 heictilítear in aghaidh an heicteáir

11. Cineálacha geala atá beartaithe le haghaidh fíonta atá lipéadaithe leis an téarma ‘Vino de parcela’ nó ‘Vi de parcel.la’

7 200 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

12.

46,80 heictilítear in aghaidh an heicteáir

13. Cineál fíonchaor Moscatel de Alejandría

16 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

14.

121,60 heictilítear in aghaidh an heicteáir

15. Cineál fíonchaor Moscatel de Alejandría atá beartaithe le haghaidh fíonta atá lipéadaithe leis an téarma ‘Vino de pueblo’ nó ‘Vi de poble’

14 400 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

16.

109,44 heictilítear in aghaidh an heicteáir

17. Cineál fíonchaor Moscatel de Alejandría atá beartaithe le haghaidh fíonta atá lipéadaithe leis an téarma ‘Vino de parcela’ nó ‘Vi de parcel.la’

9 600 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

18.

62,40 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Is é atá sa limistéar táirgeachta a chumhdaítear le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint Valencia an talamh atá suite i gcúige Valencia agus atá laistigh de na haonaid gheografacha is lú, nó 'fo-limistéir' a chumhdaítear leis an ATFC, ina bhfuil na bardais seo a leanas:

a) Folimistéar Alto Turia: Alcublas, Alpuente, Andilla, Aras de los Olmos, Benagéber, Calles, Chelva, Higueruelas, La Yesa, Titaguas agus Tuéjar;

b) Folimistéar Valentino: Alborache, Bétera, Bugarra, Buñol, Ceasaíneonna, Cheste, Chiva, Chulilla, Domeño, Estivella, Gestalgar, Godella, Godelleta, Llíria, Losa del Obispo, Macastre, Montserrat, Montroy, Náquera, Paterna, Pedralba, Picaña, Real, Riba-roja deria, Torrent, Turís, Vilamarxant, Villar del Arzobispo agus Yátova.

c) Folimistéar Moscatel de Valencia: Catadau, Cheste, Chiva, Godelleta, Llombai, Montroy, Montserrat, Real, Torrent, Turís agus Yátova.

d) Folimistéar Clariano: Atzeneta d'Albaida, Agullent, Albaida, Alfarrasí, Anna, Aielo de Malferit, Aielo de Rugat, Ayora, Barx, Bèlgida, Bellreguard, Bellús, Beniatjar, Benicolet, Benigánim, Benissoda, Benisuera, Bicorp, Bocairent, Bolbaite, Bufali, Castelló de Rugat, Carrícola, Chella, Enguera, Fontanars dels Alforins, Guardamar de la Safor, La Font de la Figuera, Guadasequies, La Llosa de Ranes, Llutxent, Mogente, Montaverner, Montesa, Montichelvo, L'Olleria, Ontinyent, Otos, El Palomar, Pinet, La Pobla del Duc, Quatretonda, Ráfol de Salem, Rugat, Salem, Sempere, Terrateig, Vallada agus Xàtiva.

Ina theannta sin, cuimsíonn an limistéar táirgeachta dáileachtaí atá taifeadta i gclár na bhfíonghort agus atá á mbainistiú ag comhaltaí comharchumann nó ag úinéirí fíonlann atá taifeadta i gcláir an Bhoird Rialála, ar fíonlanna iad a úsáideadh go traidisiúnta chun fíonta a tháirgeadh atá cumhdaithe le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint Valencia agus atá suite sna háiteanna seo a leanas i mbardais Almansa agus Caudete i gcúige Albacete: Campillo, Estación, Casa Pino, Casa Pina, Mojón Blanco, Moleta, Molino Balsa, Prisioneros, Canto Blanco, La Venta, Derramador, Montalbana, Casa Alberto, Escribanos, Escorredores, Capitanes, Pandos, Venta del Puerto, Torre Chica, Torre Grande, Casa Blanca, El Pleito, Herrasti agus Casa Hondo, i mbardas Almansa, agus Vega de Bogarra, Derramador agus El Angosto, i mbardas Caudete.

Áiríonn an limistéar táirgeachta dáileachtaí ar le comhaltaí chomharchumann fíona La Viña Coop V iad i mbaile Villena, atá taifeadta sa Chlár Fíona agus a úsáideadh go traidisiúnta chun fíonta a tháirgeadh a chumhdaítear le hAinmniúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint Valencia.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

ALARIJE - MALVASÍA RIOJANA

ALARIJE - SUBIRAT PARENT

ALBARIÑO

BOBAL

BONICAIRE

CABERNET FRANC

CABERNET SAUVIGNON

CHARDONNAY

FORCALLAT TINTA

GARNACHA BLANCA

GARNACHA TINTA

GARNACHA TINTORERA

GARRO - MANDO

GEWÜRZTRAMINER

GRACIANO

MACABEO – VIURA

MALBEC

MARSELÁN

MAZUELA - MAZUELO

MENCÍA

MERLOT

MERSEGUERA

MIGUEL DEL ARCO

MONASTRELL

MOSCATEL DE ALEJANDRÍA

MOSCATEL DE GRANO MENUDO

PEDRO XIMÉNEZ

PETIT VERDOT

PINOT NOIR

PLANTA FINA DE PEDRALBA

PLANTA NOVA - TARDANA

RIESLING

SAUVIGNON BLANC

SEMILLON

SYRAH

TEMPRANILLO

TORTOSÍ

VERDEJO

VERDIL

VIOGNIER

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Aithnítear na fíonta ar a bhfuil ATFC 'Valencia' as a n-ard-déine aramatach, atá ann de bharr an struis uisce a bhaineann do na fíniúnacha san earrach agus sa samhradh. Tarlaíonn sé sin toisc go mbíonn teochtaí arda ann sna séasúir sin, agus go mbíonn níos mó imghalaithe ann.

Tá déine dathanna láidir mar shaintréith ag na fíonta sin freisin, de bharr an raoin theirmigh. Aithnítear fíonta licéir ar a bhfuil ATFC 'Valencia' as a n-ard-déine aramatach, ar iarmhairt í sin ar na meánteochtaí cineálta le linn na bliana agus ar an strus uisce a bhíonn ann san earrach agus sa samhradh.

Tá cáil ar fhíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán ar a bhfuil ATFC 'Valencia' as bheith torthaíoch, éadrom agus cothrom de ghnáth. Tá na gnéithe sin ann mar thoradh ar aeráid na Meánmhara, agus na teochtaí cineálta a bhíonn ann ó cheann ceann na bliana.

Ar deireadh, is fíonta torthaíocha, éadroma agus cothroma iad na fíonta leathshúilíneacha ar a bhfuil ATFC 'Valencia', de bharr na meánteochtaí cineálta.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór ainmniúchán 'Valencia' a bheith le feiceáil go soiléir. Féadfar folimistéar a chur in iúl más rud é gur fásadh na fíonchaora go léir ansin. Ní fhéadfar ainm an chineáil fíonchaor a lua ach amháin más rud é gur den chineál atá i gceist a bhí 85 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáideadh chun na fíonta a dhéanamh. Is iad fíonta licéir 'Moscatel de Valencia' agus 'Moscatel tradicional de Valencia' an eisceacht, arb é an ceanglas ina leith nach féidir ach an cineál Moscatel de Alejandría a úsáid."

Téarmaí roghnacha ar an lipéadú:

Féadfaidh an téarma 'Vino Petit Valencia' a bheith le feiceáil ar fhíonta óga ag a bhfuil neart alcóil iarbhír atá níos mó ná 4,5 % agus neart alcóil iomlán atá níos mó ná 9 % de réir toirte, ar fíonta iad a rinneadh trí úsáid a bhaint as modhanna nádúrtha.

Féadfar na téarmaí 'Moscatel de Valencia' nó 'Vino de Licor Moscatel de Valencia' a úsáid ar fhíon ó fhíonchaora Moscatel de Alejandría agus a dhéantar i gcomhréir leis an 4ú fleasc de phointe 3(c) de Chuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013, i.e. a dhéantar le húrfhíon fíonchaor nó le meascán d'úrfhíon fíonchaor agus d'fhíon. Má úsáidtear úrfhíon ina bhfuil moirt agus craicne fíonchaor san fhíonóireacht, ní mór an téarma 'Tradicional' a bheith ar an lipéad.

Féadfar an téarma 'Vino Dulce' a úsáid ar fhíonta licéir a dhéantar i gcomhréir leis an 4ú fleasc de phointe 3(c) de Chuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 an 17 Nollaig 2013, i.e. a dhéantar le húrfhíon fíonchaor nó le meascán d'úrfhíon fíonchaor agus d'fhíon.

Féadfar na téarmaí 'Vino de Pueblo' nó 'Vi de Poble', móide ainm geografach an bhardais, a úsáid le haghaidh fíonta i gcás ina dtagann 85 % ar a laghad de na fíonchaora ó dháileachtaí ar leis an mbardas atá i gceist iad. Féadfaidh sciar 15 % de na fíonchaora teacht ó fhíonghoirt atá cláraithe i mbardais in aice le limistéar táirgeachta an bhardais atá i gceist.

Féadfar 'Vino de Parcela' nó 'Vi de Parcel.la' a úsáid le haghaidh fíonta i gcás ina dtagann 100 % de na fíonchaora ó dháileacht. Féadfaidh siad teacht ó dháileacht chadastrach aonair ina bhfuil fodháileachtaí nó ó níos mó ná dáileacht amháin má shuitear an méid seo a leanas:

— Tá siad tadhlach lena chéile agus baineann siad leis an maoin chéanna;

— Plandáladh iad sa bhliain chéanna, agus úsáid á baint as an bhfréamhstoc céanna;

— Is den chineál céanna fíonchaor iad.

Is féidir an téarma traidisiúnta 'Primero de Cosecha' (An chéad bhuaint) a úsáid ar fhíonta dearga, geala agus rosé a dhéantar ó fhíonchaora a bhuaintear sna chéad 10 lá den bhuaint agus a chuirtear i mbuidéal laistigh de 30 lá ó dheireadh na buainte, agus oibleagáid i gceist chun an tsárbhliain a thabhairt le fios ar an lipéad.

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú ar an táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór do na saoráidí fíonóireachta agus aosaithe a bheith suite laistigh den limistéar táirgeachta. D'fhéadfaidís a bheith suite sna bardais sin de chuid Phobal Féinrialaitheach Valencia atá in aice leo siúd laistigh den limistéar geografach críochaithe.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://breu.gva.es/b/qXiGABNBEz